

Comhthéacs 2 – Áiseanna Teagaisc – Scríobh

*‘Ní dhéanann déagóirí an lae inniu go leor aclaíochta.’
Pléigh an ráiteas seo.*

Is minic a deirtear nach ndéanann déagóirí go leor aclaíochta sa lá atá inniu ann. Mar dhéagóir mé féin, is cinnte nach bhfuil mé ag teacht leis an ráiteas seo, ach bíonn dhá insint ar achan scéal.

Sa chéad dul síos, is ball mé de chumann camógaíochta agus peil Ghaelach. Imrím ar an dá fhoireann agus imrím spórt ar scoil fosta. Bíonn orm freastal ar sheisiún traenála ceithre lá in aghaidh na seachtaine agus bíonn ar a laghad cluiche amháin ar siúl gach seachtain fós. Moltar dúinn tríocha bomaite aclaíochta a dhéanamh go laethúil. Ní aon dabht go ndéanaimse níos mó ná sin ar an pháirc amháin, gan trácht ar an am a chaithim ag siúl chun na scoile is ar ais arís gach lá.

É sin ráite, tuigim go bhfuil déagóirí ann nach n-imríonn spórt agus nach ndéanann go leor aclaíochta. Bíonn sé deacair, áfach, an t-am a fháil ar bharr obair scoile, obair chúrsa agus staidéar do na scrúduithe. Tá a fhios agam féin go mbím faoi bhrú millteanach m’obair scoile a dhéanamh gach tráthnóna sula mbíonn cead agam dul chuig traenáil.

Sílím féin go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach aclaíocht a dhéanamh. Is mór iad na buntáistí a bhaineann le haclaíocht. Bíonn níos mó fuinnimh agat, mothaíonn tú níos fearr fút féin agus bíonn corp sláintiúil agat. Chomh maith leis sin, tugann an spórt deis duit bualadh le daoine úra agus cairdeas a chruthú. Os a choinne sin, níl aon rud níos fearr ná cluiche a bhaint i ndiaidh duit iarracht mhaith a chur isteach ag na seisiúin traenála uile agus ag an chluiche é féin.

Is fiú a lua, áfach nach dtaitníonn spórt le gach duine óg. Ní gá spórt a imirt mar sin féin, mar is iomaí rogha eile atá ar fáil. Bíonn áiseanna aclaíochta sna páirceanna poiblí anois, agus bíonn fearadh na fáilte roimh dhaoine óga iad a úsáid. Thiocfadh le daoine óga dul amach ag reathaíocht nó ag siúl, mar a fheicimse daoine ag déanamh lá i ndiaidh lae.

Ar an drochuair, is minic nach mothaíonn daoine óga muiníneach go leor le dul amach agus aclaíocht a dhéanamh go poiblí. Ba mhaith le daoine óga bheith inchurtha lena gcairde, agus is maith leo bheith fionnuar faiseanta, mar sin de, fanann siad sa bhaile. Tá áiseanna spóirt ar fáil taobh istigh fosta. Thig linn dul chun na sólainne, chuig an linn snámha, chuig an ghiomnásiam nó chuig na cúirteanna leadóige fiú.

I mo bharúil, tá sé thar a bheith furasta leithscéal a dhéanamh maidir le haclaíocht agus caithfidh mé a admháil go bhfuil déagóirí falsa ann. Ar an dea-uair, bíonn cuid mhaith déagóirí cosúil liomsa ag imirt spóirt go rialta agus ag tabhairt aire dá sláinte. Sílím go bhfuil sé míchothrom a rá nach ndéanann déagóirí go leor aclaíochta mar in amanna bíonn sé deacair an dá thrá a fhreastal idir an spórt agus an scoil. Ag deireadh an lae, is iomaí duine óg a bhíonn ábalta obair scoile agus aclaíocht a láimhseáil agus sílim gur chóir do níos mó déagóirí dea-shampla a léiriú. Tá súil agam go n-aontaíonn sibh liomsa. Caithfidh mé dul anois agus cluiche camógaíochta a imirt!